Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2018***


# *Staidéar Foirgníochta*
## *Teoiric - Gnáthleibhéal*

***(200 marc)***

***Dé hAoine, 15 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 go 4:30***

***(a)*** *Freagair **Ceist 1** agus **trí** cheist eile.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Ba chóir sceitsí néata saorláimhe a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór an t-ainm, na méideanna, na toisí agus na sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar na líníochtaí.*


**1.** Tá blocbhalla soladach coincréite 215 mm idir dhá sheomra ar urlár na talún i dteach, mar a thaispeántar. Tá an balla á iompar ar fhotha stéille agus tá an balla plástráilte ar an dá thaobh. Tá doras comhréidh, 60 mm ar tiús, feistithe den bhalla. Tá fráma an dorais 120 mm × 50 mm. Is urlár soladach inslithe coincréite é urlár na talún. Tá bailchríoch shaor chrua-adhmaid 20 mm, le teanga agus eitre, ar an urlár.



**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach tríd an bhfotha stéille, tríd an mballa 215 mm, tríd urlár na talún agus trí lár an dorais go pointe atá 500 mm os cionn leibhéal críochnaithe an urláir. Taispeáin leithead 600 mm den urlár ar an dá thaobh den bhalla, agus cuir isteach **trí** ghnáth-thoise ar do líníocht.

**(b)** Taispeáin ar an líníocht na gnáth-shonraí dearaidh le gás radóin a chosc ar theacht isteach sna seomraí tríd an urlár.

**2.** An balla seachtrach ar theach a tógadh sna 1960idí, is balla aon duille é de thógáil tollbhloic choincréite 215 mm. Tá an balla plástráilte ar an dá thaobh, mar a thaispeántar. Tá sé beartaithe córas seachtrach de pholaistiréin fhorbartha a chur leis an mballa chun airíonna teirmeacha an tí a fheabhsú.



**(a)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin modh oiriúnach **amháin** le córas inslithe seachtrach a chur leis an mballa. Scríobh síos gnáth-thiús an inslithe.


**(b)** Taispeáin go soiléir ar do sceitse na céimeanna atá le leanúint nuair a bhíonn bailchríoch dhromchla á cur ar an insliú. Ainmnigh na hábhair atá le húsáid don bhailchríoch dhromchla.

**(c)** Pléigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le córas inslithe seachtrach a chur le ballaí an tí.

**3.** **(a)** Baintear úsáid as sorn a dhónn adhmad le cúlchoire, mar a thaispeántar, chun uisce a théamh do theach cónaithe. Bain úsáid as léaráid aonlíneach a bhfuil lipéid uirthi agus taispeáin an phíbobair atá riachtanach chun **uisce te** a sholáthar do chithfholcadh.


Bíodh na nithe seo a leanas sa léaráid agat:

- sorn a dhónn adhmad
- príomhphíobán ardaitheach agus umar stórála don uisce fuar
- sorcóir don uisce te agus umar borrtha
- píbobair don chithfholcadh agus na comhlaí riachtanacha uile.



**(b)** Pléigh buntáiste **amháin** a bhaineann le sorn a dhónn adhmad a úsáid chun uisce a théamh don teach.

**4.** Taispeánann an sceitse cúinne amháin d’fhotha stéille do bhalla seachtrach ar theach cónaithe. Tá an balla seachtrach le bheith ina bhlocbhalla coincréite 400 mm agus cuas láninslithe ann.




**(a)** Déan plé ar chúis timpeallachta **amháin** a mheastar fotha stéille a bheith ar an bhfotha is oiriúnaí don teach seo.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus déan cur síos ar conas a mharcáiltear amach trinse an fhotha faoi na ceannteidil seo a leanas:

- próifílí
- leithead agus doimhneacht an trinse
- suíomh an bhalla ar an bhfotha stéille.

**(c)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin conas a aimsítear barrdhromchla an fhotha sula ndoirtear an choincréit, chun a chinntiú go bhfuil an fotha leibhéalta ina iomláine.

**5.** Taispeántar sa sceitse cuid den sceimheal ar dhíon leibhéalta. Tá an díon clúdaithe le sraitheanna d’fheilt bhiotúmanach ar dheicre de shraithadhmad 20 mm, ar chaolaigh, ar stiallacha claonta, ar ghiarsaí 200 mm × 50 mm. Is díon ardinslithe é agus tá síleáil de phlástarchlár inslithe faoi. Is blocbhalla coincréite 400 mm é an balla seachtrach a iompraíonn an díon, agus tá cuas láninslithe ann. Tá an balla rindreáilte ar an dá thaobh.




**(a)** Tarraing, de réir scála 1:5, gearradh ceartingearach trí sceimheal an dín leibhéalta agus tríd an mballa seachtrach. Taispeáin na sonraí tipiciúla tógála ó leibhéal atá 500 mm faoi bhun ghiarsaí an dín, tríd an mballa seachtrach, an mhaide balla, an éadanchlár, an tarr, agus trí ghiarsaí an dín. Bíodh dromchla an dín san áireamh agat. Taispeáin fad 1.5 méadar de ghiarsaí an dín agus bíodh **trí** ghnáth-thoise ar do líníocht agat.

**(b)** Taispeáin ar do líníocht conas a dhéantar an díon a aeráil ag an sceimheal.

**6.** **(a)** Tarraing sceitse saorláimhe de na comharthaí sábháilteachta do **gach** ceann de na píosaí de threalamh cosanta pearsanta *(PPE)* a luaitear thíos:

- veist shofheicthe
- coisbheart cosanta
- clogad sábháilteachta.




**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus déan cur síos ar ghné dhearaidh **amháin** de **gach** ceann de na píosaí sábháilteachta thuasluaite a chabhraíonn leis na hoibrithe a chosaint ar ghortú.

**(c)** Mol píosa **amháin** eile de threalamh cosanta pearsanta *(PPE)* nach mór d’oibrithe a chaitheamh ar láithreán tógála. Tabhair cúis **amháin** le do mholadh.

**7**. Tá sé beartaithe uisce báistí a bhailiú ón díon ar theach agus an t-uisce báistí a stóráil in umar stórála faoi thalamh, mar a thaispeántar.

**(a)** Tarraing an sceitse a thugtar agus taispeáin an phíbobair atá riachtanach leis an t-uisce a bhailiú ón díon agus é a iompar go dtí an t-umar stórála faoi thalamh.
Cuir lipéad ar na príomh-comhpháirteanna agus tabhair a ngnáth-thoisí.




**(b)** Úsáidtear an t-uisce báistí a stóráiltear chun leithreas a shruthlú. Taispeáin, ag baint úsáide as nótaí agus sceitsí saorláimhe duit, an phíbobair agus an pumpa atá riachtanach leis an uisce a thabhairt ón umar stórála faoi thalamh go dtí umar stórála san áiléar. Taispeáin freisin conas sistéal an leithris a nascadh leis an umar stórála san áiléir. Taispeáin na comhlaí atá riachtanach.

**(c)** Pléigh buntáiste **amháin** a bhaineann le huisce báistí a stóráil in umar faoi thalamh.

**8.** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus mínigh **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- méadar cliste
- téip aerdhíonachta
- fuinneog díonléis
- alt briosca
- feadán folmhaithe
- cithfholcadh aeraithe
- slat talmhaithe
- laisce maighnéadach
- soilse LED.

**9.** Taispeántar sa sceitse oscailt atá ann cheana féin i mblocbhalla coincréite 100 mm idir seomra suí agus seomra bia. Tá sé beartaithe fráma dorais agus doirse dúbailte gloinithe adhmaid a fheistiú san oscailt seo.



**(a)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin conas a iompraítear an bhlocobair os cionn an oscailt, de ghnáth.

**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus taispeáin conas a choimeádtar fráma an dorais dronuilleach fad is atá sé á fheistiú agus taispeáin modh **amháin** le fráma an dorais a fheistiú ar an mballa.

**(c)** Pléigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le doirse dúbailte gloinithe a fheistiú idir an seomra suí agus an seomra bia.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2018**
**Leaving Certificate Examination, 2018**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 1 / Lá 1*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***

**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.


2018 M.77(L1)

# Display Stand
# Seastán Taispeántais


Slope of dovetail: 1:6

Claonadh an déid: 1:6


Shaping of edges is left to the candidate.
Fágtar faoin iarrthóir na corra a chríochnú go cuí.





Elevation / Aghaidhchló





End View / Taobhchló




Plan / Bonnchló





Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2018**
**Leaving Certificate Examination, 2018**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 2 / Lá 2*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***

**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.

2018 M.77(L2)


# Display Stand
# Seastán Taispeántais

Slope of dovetail: 1:6


Claonadh an déid: 1:6

Shaping of edges is left to the candidate.


Fágtar faoin iarrthóir na corra a chríochnú go cuí.





Elevation / Aghaidhchló





End View / Taobhchló




Plan / Bonnchló





Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthóra, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2018**
**Leaving Certificate Examination, 2018**

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*

# *Construction Studies*
# *Practical Test*

*(150 marc/marks)*

## *Day 3 / Lá 3*

***Duration:*** ***4:00 hours***
***Fad:*** ***4:00 uair an chloig***

**Write your Examination Number in this box:**
**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:**

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthora atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

**Note:** For clarity, some hidden detail has been omitted from this drawing.
**Nóta:** Tá roinnt sonraí fágtha ar lár as an líníocht seo ar mhaithe le soiléireacht.

2018 M.77(L3)


# Display Stand
# Seastán Taispeántais

Slope of dovetail: 1:6


Claonadh an déid: 1:6

Shaping of edges is left to the candidate.


Fágtar faoin iarrthóir na corra a chríochnú go cuí.






Elevation / Aghaidhchló




End View / Taobhchló








Plan / Bonnchló

Put this examination paper and the artefact into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir an scrúdpháipéar seo agus an déantúsán isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.

Put your examination paper and the artefact into the candidate envelope, and hand up the envelope to the **Superintendent** at the end of the examination.

Cuir do scrúdpháipéar agus an déantúsán i gclúdach an iarrthora, agus tabhair an clúdach don **Fheitheoir** ag deireadh an scrúdaithe.